



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2023

Foirm Iarratais CMF/A

Sruth 1	
Sruth 2	
Sruth 3	

Cuir tic mar is cuí

Tabhair faoi deara le do thoil:

- D'iarratasóirí príobháideacha nó grúpaí pobail atá ina n-úinéirí/caomhnóirí ar shéadchomharthaí seandálaíochta, ní mór **Foirm Iarratais CMF/A** a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil **ar dháta a shonróidh an t-údarás áitiúil, nár cheart dó a bheith níos déanaí ná an 1 Feabhra 2023.**
- Ní mór **Foirm Iarratais CMF/A** a chomhlánú go hiomlán agus a chur ar ais ag an Údarás Áitiúil (nó eagraíocht Stát-mhaoinithe) chuig cmf@housing.gov.ie roimh am scoir gnó ar an **Máirt 14 Feabhra 2023**. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána.
- Ba cheart iarratais ar mhaoiniú faoin CMF a dhéanamh chuig an Údarás Áitiúil ábhartha (seachas eagraíochtaí Stát-mhaoinithe ar cheart iarratas a dhéanamh chucu go díreach). Tá sonraí na scéimeanna agus conas iarratas a dhéanamh ar fáil ar shuíomhanna gréasáin uile na n-údarás áitiúil agus ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- Ní ghlacfar le hiarratais ach ar ríomhphost amháin. Ba cheart go mbeadh an teideal seo ar an RÍOMHPHOST: 'CMF2023 [cuir isteach Ainm an Údaráis Áitiúil (nó ainm eagraíochta atá Stát-mhaoinithe)], Sruth [1, 2, 3 cuir isteach], ainm an Tionscadail/an tSéadchomhartha'.
- Eiseofar ríomhphost admhála ón Roinn. Mura bhfaigheann tú admháil déan teagmháil le do thoil cmf@housing.gov.ie
- **Clóscríobh** le do thoil an fhaisnéis ábhartha san Fhoirm Iarratais seo más féidir. Más gá é a bheith lámhscríofa, bain úsáid as **BLOCLITREACHA** le do thoil nó cinntigh go bhfuil an scríbhneoireacht inléite.
- Ba chóir gach iontráil dáta a chur isteach san fhoirm **LL/MM/BBBB**
- Sa chás go bhfuil iarratas déanta ar chead pleanála ach nach bhfuil aon chinneadh déanta, nó má tá an cinneadh faoi achomharc, luaigh é seo agus dáta an iarratais nó an achomhairc i **gCuid 2b**.
- I gcás inar gá fógra a thabhairt faoi Alt 12 (3) **d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994**, (Séadchomharthaí Taifeadta) nó faoi Alt 5(8) den **Acht Leasaithe, 1987**, (Clár na Séadchomharthaí Stairiúla), ní mór sonraí faoin dáta ar a ndearnadh an fógra a sheoladh chuig an Roinn a sholáthar i **gCuid 2b**.
- Sa chás go bhfuil toiliú ón Aire, faoi Alt 14 **d'Acht na Séadchomharthaí, 1930**, (arna leasú), faighte, cuir an uimhir Thoilithe san áireamh. Sa chás go bhfuil iarratas déanta ar thoiliú ón Aire ach nach bhfuil aon chinneadh déanta ag am an iarratais ar an CMF, luaigh é seo i **gCuid 2b** le do thoil, lena n-áirítear uimhir thagartha an cháis a d'eisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

- Ní mór a léiriú i **gCuid 4** má tá gné oiliúna le cur san áireamh sa tionscadal.
- Ní mór don iarratasóir aon deontais, fóirdheontais nó cúnamh ó chomhlachtaí reachtúla, nó urraíocht nó cúnamh ó fhoinse neamhreachtúil, a fuarthas nó atá á lorg i **gCuid 4a** a chur san áireamh freisin.
- Ní mór don iarratasóir a chur in iúl freisin an bhfuil cinneadh faighte acu faoi Alt 482 den **Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997** (Alt 19 den **Acht Airgeadais, 1982**, roimhe seo) i **gCuid 4b**.
- Ní mór don iarratasóir a chur in iúl má tá siad i mbun iarratais ar fhaoiseamh cánach faoi Alt 482 den **Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**, (Alt 19 den **Acht Airgeadais, 1982**, roimhe seo) i **gCuid 4b**.
- Ba cheart go leanfadh oibreacha ábhartha na prionsabail chaomhnaithe atá leagtha amach i **dTreoirlínte um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011)** de chuid na Roinne agus i bhfoilseacháin na **Sraithe Comhairle** <https://www.buildingsofireland.ie/resources/>
- Caithfidh oibreacha ag séadchomharthaí, nó oibreacha a bhaineann leo nó atá gar dóibh, agus áiteanna atá faoi chosaint faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014, lánaird a thabhairt ar na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint agus bainistiú na hoidhreachta seandálaíochta mar atá leagtha amach sa doiciméad beartais **Creat agus Prionsabail chun an Oidhrecht Seandálaíochta a Chosaint** (Rialtas na hÉireann, 1999) agus lánaird a thabhairt ar gach foilseachán beartais agus treoirlínte ábhartha de chuid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

Cuid a hAon

1. Sonraí an Údaráis Áitiúil (nó sonraí eagraíochta atá Stát-mhaoinithe)

Ainm an Údaráis Áitiúil: (nó Eagraíocht Stát-mhaoinithe)			
Teagmháil agus seoladh:			
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:	

1a. Sonraí Úinéir an tSéadchomhartha

Ainm an Úinéara:			
Seoladh:			
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:	
Uimhir Charthanais: (más infheidhme)			
Uimhir Thagartha Cánach le hUimhir Rochtana um Chomhlíonadh Cánach:			

1b. Sonraí an Iarratasóra (más rud é nach iad an t-úinéir)

Ainm:			
Seoladh:			
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:	
Uimhir Charthanais: (más infheidhme)			

Uimhir Thagartha Cánach le hUimhir Rochtana um Chomhlíonadh Cánach:	
Teastaíonn toiliú an úinéara faoin scéim seo. Sonraigh le do thoil an bhfuil toiliú ag gabháil leis an bhFoirm seo.	Scríos mar is cuí: Tá/Níl

Cuid a Dó

2a. Sonraí an tSéadchomhartha

An bhfuil an séadchomhartha ar an RMP nó ar an SMR? Tá/Níl	Cuir isteach Uimhir SMR/RMP:
Cineál Séadchomhartha:	Baile Fearainn/Contae:

2b. Fógraí Reachtúla

	Tá nó Níl	Más tá d'fhreagra: cuir isteach an dáta a cuireadh i bhfeidhm / a fuarthas
An bhfuil cead pleanála ó na hoibreacha atá beartaithe nó an bhfuil cead pleanála tugtha dóibh?		An dáta a rinneadh an t-iarratas:
		Stádas pleanála:
		Uimhir Thagartha Pleanála:
An bhfuil gá le fógra a thabhairt don Aire maidir leis na hoibreacha beartaithe de réir Alt 12(3) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994?		Dáta an fhógra (má fógraíodh cheana):
An bhfuil toiliú an Aire ag teastáil chun na hoibreacha beartaithe a		Dáta curtha i bhfeidhm (má cuireadh i bhfeidhm cheana é):

dhéanamh nó an bhfuil toiliú faighte acu faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 (arna leasú)?		Dáta faighte (má deonaíodh cheana é) Uimhir Thagartha:
An bhfuil feidhm ag aon Cheanglais Reachtúla eile?		Sonraí:

Cuid a Trí

3. Achoimre ar an Tionscadal

Achoimre

- (a) Sonraigh le do thoil cé acu Sruth 1, 2 nó 3 agus tabhair cur síos gairid, gonta (gan níos mó ná 50 focal) ar an gcineál oibreacha atá le maoiniú go sonrach faoi CMF2023 thíos, lena n-áirítear aon eilimint oiliúna, má tá sé beartaithe:

Sruth (1/2/3):

Cur Síos:

<p>(b) Gan níos mó ná 300 focal, déan achoimre ar na hoibreacha atá beartaithe ag féachaint do na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> i. Tábhacht an tséadchomhartha seandálaíochta ii. Éifeachtúlacht an deontais chun aidhmeanna Chiste na Séadchomharthaí Pobail a bhaint amach iii. Cáilíocht na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil an tionscadail atá beartaithe iv. Buntáiste phoiblí nó buntáiste don phobal níos leithne a eascraíonn as an tionscadal 		
<p>Dátaí tosaithe agus críochnaithe measta na n-oibreacha beartaithe?</p>	Tús:	Críoch:

Cuid a Ceathair

4a. Caiteachas maidir leis an Tionscadal Beartaithe

Costais Mheasta an Tionscadail	€ (gan CBL san áireamh)	€ (CBL san áireamh)
Má tá gné oiliúna molta, tabhair costas measta an tsoláthair oiliúna	€ (gan CBL san	€ (CBL san

	áireamh)	áireamh)
Táillí Gairmiúla Measta: (briste síos de réir na ngairmeacha aonair atá i gceist)	€ (gan CBL san áireamh)	€ (CBL san áireamh)
Deontas iomlán CMF2023 atá á lorg:	€	(CBL san áireamh)
An bhfuair an tionscadal/suíomh seo aon mhaoiniú faoin CMF sna blianta roimhe seo? Fuair/Ní bhfuair + Sonraí	€	(CBL san áireamh)

4b. Deontais agus Faoisimh Eile

An mbaineann cinneadh Alt 482 leis an séadchomhartha seo?*	Baineann/Ní bhaineann
An bhfuil CBL inghnóthaithe?	Tá/Níl
An ndearnadh iarratas ar nó an bhfuarthas aon mhaoiniú eile ón AE, ón Stáitchiste nó ó Fhaoisimh Chánach i ndáil leis an tionscadal seo?	Fuair/Ní bhfuair € Sonraí
An ndearnadh iarratas ar aon deontais eile?	Rinneadh/Ní dhearnadh € Sonraí

*Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Alt 19 den Acht Airgeadais, 1982, roimhe seo)

Cuid a Cúig

5. Pearsanra Fostaithe/Molta don Tionscadal

Comhairleoir Seandálaíochta

Ainm:		Post/cáilíocht:
Seoladh:		
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:
Uimhir Thagartha Cánach mar aon leis an Uimhir Rochtana um Chomhlíonadh Cánach:		
Léiríodh leibhéal sásúil comhlíonta cánach an fhoichonraitheora: (más infheidhme)*	Léiríodh:	Níor léiríodh:

Gairmí Caomhantais (d'aon Togra a Bhaineann le hOibreacha Caomhantais)

Ainm:		Post/cáilíocht:
Seoladh:		
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:
Uimhir Thagartha Cánach mar aon leis an Uimhir Rochtana um Chomhlíonadh Cánach:		

Conraitheoir(i)/Ceardaí/Ceardaithe (do thogra ar bith a bhaineann le hOibreacha Caomhantais/Idirghabhálacha Fisiciúla)

Ainm:		Post/cáilíocht:
Seoladh:		
Uimhir Theileafóin/Fón Póca:		Ríomhphost:
Uimhir Thagartha Cánach mar aon leis an Uimhir Rochtana um Chomhlíonadh Cánach:		
Léiríodh leibhéal sásúil comhlíonta cánach an fhochonraitheora: (más infheidhme)*	Léiríodh:	Níor léiríodh:

*féach ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh sonraí ar nósanna imeachta imréitigh cánach do chonraitheoirí/fochonraitheoirí

Más gá, bain úsáid as leathanach ar leith chun an chuid seo a chomhlánú

Foirm A - Cuid a Sé

6. Dearbhú ón Iarratasóir

Deimhnímse, an tIarratasóir, na nithe seo a leanas:

1. Tuigim agus comhlíonaim téarmaí agus coinníollacha uile na scéime deontais
2. Tá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus sna doiciméid tacaíochta ceart agus tabharfaidh mé fógra don údarás áitiúil iomchuí má tá aon athrú ar an bhfaisnéis sin
3. Tá mo chúrsaí cánach in ord
4. Tuigim nach gciallaíonn íocaíocht deontais faoin scéim seo go bhfuil baránta ar thaobh an údaráis nó an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le hoiriúnacht nó sábháilteacht na n-oibreacha lena mbaineann nó an staid deisiúcháin nó riocht an tséadchomhartha go léir nó aon chuid de nó a oiriúnacht le haghaidh úsáide, nó aon bhonneagar rochtana eile
5. Tuigim go bhféadfaidh an t-údarás áitiúil nó an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta aon fhiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sí go bhfuil gá leo chun mo cháilitheacht le haghaidh deontais a chruthú, agus go bhfuil cinntí an údaráis áitiúil agus an Aire críochnaitheach.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

Seicliosta & Achoimre

Le comhlánú ag Údarás Áitiúil/Eagraíocht Stát-mhaoinithe

Seicliosta: Ar chuir tú na nithe seo a leanas san Áireamh / ar chuir tú i gcrích iad?	Chuir/Níor chuir
Foirm Mheasúnaithe CMF/A – comhlánaithe agus sínithe ag an iarratasóir	
Foirm Mheasúnaithe CMF/B – comhlánaithe agus sínithe ag Údarás Áitiúil/eagraíocht Stát-mhaoinithe (má bhaineann)	
Mapa de shuíomh an láithreáin ar a bhfuil suíomh na n-oibreacha marcáilte go soiléir i ndearg	
Seiceáil úinéireachta ar an suíomh Gréasáin um Chlárú Maoine?	
Toiliú i scríbhinn ón úinéir (mura bhfuil an tIarratasóir ina úinéir)	
Ráiteas Modha	
Foirm Coinbhleachta Leasa	

Achoimre: Comhlánaigh na Codanna ar fad go hiomlán le do thoil	
Ainm an Iarratasóra:	
Ainm an Úinéara (más difriúil ón Iarratasóir):	
Uimhir Thagartha SMR nó RMP:	
Ainm an tionscadail atá beartaithe:	
Méid an deontais atá á lorg faoi CMF2023	€ (CBL san áireamh)
An bhfuil cead pleanála, Fógra nó Toiliú ón Aire i bhfeidhm (más gá)?	Scríos mar is cuí Tá/Níl/Neamhbhainteach
Gairmí Caomhantais fostaithe (más ábhartha)	Scríos mar is cuí Tá/Níl/Neamhbhainteach
Seandálaí Gairmiúil fostaithe:	Tá/Níl
Déan teagmháil leis an Údarás Áitiúil/Eagraíocht Stáit: (Ainm agus Post)	

Gabháil Sonraí - Cuir tic, le do thoil, leis an bhFochatagóir/na Fochatagóirí a bhaineann leis an bhFeidhmchlár	
Fochatagóir	
Bearta COVID-19	
Rochtain	
Léiriú	
Caomhantas	
Oiriúnú aeráide	
Oiliúint	

Síníú: _____ Dáta: _____

Post: _____

Ba cheart Foirm Iarratais a chur isteach i bhfoirm Microsoft Word

gov.ie/tithiocht

